Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14510/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0049(COD)**

**ENT 218**
**MI 881**
**IND 548**
**CHIMIE 91**
**COMPET 1019**
**SAN 607**
**ENV 1162**
**CONSOM 377**
**AGRI 640**
**CODEC 1952**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 581 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar an margadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 581 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 581 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2023
COM(2023) 581 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar an margadh**

## 1. RÉAMHRÁ

Ón 16 Iúil 2022 ar aghaidh, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003[1].

Tagann sé in ionad Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 a bhaineann le leasacháin[2].

Le Rialachán (AE) 2019/1009, leathnaítear raon feidhme an chomhchuibhithe chuig catagóirí nua táirgí leasacháin, go háirithe táirgí nuálacha agus táirgí ciorclacha ina bhfuil ábhair aisghafa ó dhramhaíl nó ó sheachtháirgí. Leagtar síos ann ceanglais maidir le héifeachtúlacht agranamaíoch agus sábháilteacht i leith marcáil CE ar tháirgí leasacháin. Tá saoirse ag monaróirí i gcónaí brath ar fhorálacha an Rialacháin agus marcáil CE a chur ar a dtáirgí leasacháin nó na rialacha náisiúnta maidir le táirgí leasacháin a leanúint.

## 2. BUNÚS DLÍ

Le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2019/1009, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn I, cé is moite de theorainnluachanna caidmiam, na sainmhínithe agus na heilimintí a bhaineann le raon feidhme catagóirí feidhme táirgí, lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV, mar aon le hIarscríbhinn II a fhorlíonadh.

A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, ní mór dó fógra a thabhairt, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. Ní thiocfaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2019/1009.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

### 3.1 Cumhachtaí a úsáideadh le linn na tréimhse tuairiscithe

Le linn na tréimhse tuairiscithe[3], d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe trí na gníomhartha tarmligthe seo a leanas a ghlacadh[4]:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1768 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021 lena leasaítear, chun críoch a n-oiriúnaithe don dul chun cinn teicniúil, Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh[5]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2021 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 16 Iúil 2022.

---

[1] IO L 170, 25.6.2019, lch. 1.
[2] IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.
[3] Is é an 31 Lúnasa 2023 an lá deiridh chun gníomhartha tarmligthe a glacadh le linn na tréimhse tuairiscithe a áireamh sa roinn seo.
[4] Liostaítear na gníomhartha tarmligthe in ord cróineolaíoch an dáta a glacadh iad.
[5] IO L 356, 8.10.2021, lch. 8.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2086 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun salainn fosfáite dheasctha agus na díorthaigh a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE[6]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Nollaig 2021 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 16 Iúil 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2087 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun ábhair ocsaídiúcháin theirmigh agus na díorthaigh a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE[7]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Nollaig 2021 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 16 Iúil 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2088 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun ábhair phirealaithe agus ghásúcháin a áireamh mar chatagóir d'ábhar comhpháirteach i dtáirgí leasacháin AE[8]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Nollaig 2021 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 16 Iúil 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/973 ón gCoimisiún an 14 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir a leagan síos maidir le héifeachtúlacht agus sábháilteacht agranamaíoch le haghaidh úsáid seachtháirgí i dtáirgí leasacháin AE[9]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(7) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 14 Iúil 2022 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 16 Iúil 2022[10].
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1171 ón gCoimisiún an 22 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun ábhair ardíonachta aisghafa a áireamh mar chatagóir d'ábhair comhpháirteacha i dtáirgí leasacháin AE[11]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Iúil 2022 agus thosaigh feidhm de bheith aige an 28 Iúil 2022.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1519 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí leasacháin AE ina bhfuil comhdhúile coisctheacha agus maidir le hiarphróiseáil díleáiteáin[12]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 03 Deireadh Fómhair 2022 agus thosaigh feidhm de bheith aige ón dáta sin.

[6] IO L 427, 30.11.2021, lch. 120.
[7] IO L 427, 30.11.2021, lch. 130.
[8] IO L 427, 30.11.2021, lch. 140.
[9] IO L 167, 24.6.2022, lch. 29.
[10] I gCás T-560/22, Fachverband Eisenhüttenschlacken v an Coimisiún, ar feitheamh faoi láthair os comhair na Cúirte Ginearálta, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí foráil den Rialachán tarmligthe seo a neamhniú; agus tá sárú líomhnaithe nó mí-úsáid líomhnaithe ar tharmligean na gcumhachtaí in Airteagal 42(7) de Rialachán (AE) 2019/1009 ar cheann de na pléadálacha. Measann an Coimisiún nach bhfuil bunús leis an bpléadáil sin.
[11] IO L 183, 8.7.2022, lch. 2
[12] IO L 236, 13.9.2022, lch. 5.

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/409 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íoschainníocht ocsaíde cailciam i leasacháin neamhorgánacha mhacrachothaitheacha sholadacha aonábhair[13]. Glacadh an Rialachán tarmligthe sin bunaithe ar Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2019/1009 agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Márta 2023 agus thosaigh feidhm de bheith aige ón dáta sin freisin.

Thug an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna maidir le gach ceann de na gníomhartha tarmligthe sin, i gcomhréir le hAirteagal 44(5) de Rialachán (AE) 2019/1009. Níor chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síneadh leis an tréimhse agóide dá dtagraítear in Airteagal 44(6) de Rialachán (AE) 2019/1009 i ndáil le haon cheann de na gníomhartha sin. Ní dhearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne aon cheann de na gníomhartha thuas.

Le glacadh na ngníomhartha tarmligthe sin, éascaíodh trádáil le leasacháin bithbhunaithe in-athnuaite ina bhfuil ábhair nuálacha as dramhaíl orgánach (e.g. aoileach beostoic, fuíolluisce, sloda, dramhaíl chathrach), rud a chuireann le cuspóirí na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[14].

### 3.2 Cumhachtú nár úsáideadh le linn na tréimhse tuairiscithe

Níor úsáideadh an cumhachtú in Airteagal 42(8) de Rialachán (AE) 2019/1009 le linn na tréimhse tuairiscithe. I gcomhréir leis an Airteagal sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i bhfianaise fianaise eolaíoch nua. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar fhianaise eolaíoch nua maidir le fosfónáití a úsáid mar bhithspreagthaigh plandaí. Ní dhearnadh aon chinneadh go fóill maidir le gníomh tarmligthe a ghlacadh i bhfianaise na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar uasteorainneacha iarmhar i mbia agus i mbeatha. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh gá le gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 42(8) mar gheall ar fhorbairtí eolaíocha nua. Dá bhrí sin, tá gá leis an gcumhachtú sin fós.

### 3.3 Forbairtí sa todhchaí

Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar oiriúnuithe éagsúla ar dhul chun cinn teicniúil Rialachán (AE) 2019/1009, chun deiseanna nua a chur ar fáil don gheilleagar ciorclach san earnáil sin. Go sonrach, tá obair ar siúl ar Rialacháin tharmligthe a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar Airteagal 42(1), sna coinníollacha a leagtar síos i mír (4), i mír (5) agus i mír (6) den Airteagal céanna. Níos cruinne fós:

- Airteagal 42(4) - miocrorgánaigh

Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar mhiocrorgánaigh áirithe chun a chinneadh an bhfuil siad sábháilte agus, dá bhrí sin, an bhféadfaí iad a áireamh laistigh de raon feidhme na rialacha maidir le comhchuibhiú, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/1009.

- Airteagal 42(5) — táirgí a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1605 an 22 Bealtaine 2023 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pointí deiridh a chinneadh i slabhra monaraíochta leasachán orgánach agus feabhsuithe ithreach áirithe[15]. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar na táirgí díorthaithe sin maidir le gnéithe ábhartha nár cuireadh san áireamh chun pointí deiridh a shainaithint sa slabhra monaraíochta, sna

[13] IO L 59, 24.2.2023, lch. 1.
[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. COM/2020/381 final, 20.5.2020
[15] IO L 198, 8.8.2023, lch. 1.

coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 42(5). Tá an chéad ghníomh tarmligthe maidir le haoileach próiseáilte le glacadh faoi dheireadh 2023.

- Airteagal 42(6) - critéir in-bhithdhíghrádaitheachta le haghaidh polaiméirí áirithe

Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an bhféidearthacht critéir in-bhithdhíghrádaitheachta a leagan síos le haghaidh polaiméirí dá dtagraítear i bpointe 2 de chatagóir comhábhair 9 i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 agus modhanna tástála chun comhlíonadh na gcritéar sin a fhíorú.

## 4. CONCLÚID

Trí bheith ag brath ar na cumhachtuithe i Rialachán (AE) 2019/1009, d'éascaigh an Coimisiún trádáil táirgí leasacháin ar an margadh inmheánach agus chuir sé roghanna malartacha glasa agus ciorclacha chun cinn ar leasacháin a tháirgtear as gás nádúrtha nó as ábhair mhianaithe eile. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú[16].

De réir an Choimisiúin, tá gá le síneadh 5 bliana a chur le tarmligean na gcumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2019/1009, i gcomhréir le hAirteagal 44(2).

Beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin chun an tsolúbthacht is gá a sholáthar sa chreat dlíthiúil chun é a chomhlánú agus a oiriúnú go rialta don dul chun cinn teicniúil is déanaí agus do na forbairtí eolaíocha is déanaí.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 9 Samhain 2022 maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú, COM/2022/590.